



An Coimisiún um
Chosaint Sonraí
Data Protection
Commission

PRIONSABAIL UM CHOSAINT SONRAÍ

Nuair a úsáidtear do shonraí pearsanta le
haghaidh canbhasáil pholaitiúil agus
gníomhaíochtaí toghchánacha, cuimsíonn do
Chearta cosanta sonraí na cearta seo leanas:

- Eolas iomlán agus soiléir a fháil maidir le bailiú agus úsáid do shonraí pearsanta lena n-áirítear aitheantas an duine dona bhfuil sé á bhailiú, an fáth go bhfuil sé á bhailiú, conas a úsáidfear é, cé lena roinnfear é, cé chomh fada a choimeádfar é agus cad iad do chearta maidir leis na sonraí pearsanta sin;
- Chun rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta ar fad atá á choimeád ag aon ionadaí poiblí, iarrthóir toghchánacha nó páirtí/grúpa polaitíochta ach amháin má tá díolúine bailí ann;
- Do shonraí pearsanta a bheith cosanta ó bheith úsáidte ar aon chúiseanna eile seachas an cuspóir nó na cuspóirí bailí agus dleathacha lenar bailíodh iad;
- Do shonraí pearsanta a bheith soiléir agus nuashonraithe agus aon sonraí pearsanta atá míchruinn nó neamhiomlán a réiteach nó a a chomhlíonadh go hiomlán.
- Do shonraí pearsanta a bheith coimeádta go slán sabhálte ar bhonn oiriúnach; agus
- Gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí.

**Toghcháin &
Canbhasáil:
Cosaint Sonraí
agus
Margaíocht
Leictreonach -
cearta cosanta
sonraí daoine
aonair**



CEARTA COTHROMÚCHÁIN

Níl cearta cosanta sonraí daingean agus aithníonn an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) go gcaithfidh cothromaíocht a bheith ann idir na cearta agus leas an phobail d'fhonn feidhmiúchán éifeachtach sochaí daonlathach a chinntiú. Ciallaíonn sé seo go bhféadfaí srian a chur ar chearta daoine aonair i gcúinsí áirithe, de réir an dlí.

GNÍMH THOGHCHÁIN



Ceadaíonn reachtaíocht toghchánacha úsáid eolais (a chuimsíonn ainm, seoladh agus stáisiún vótála) a choimeádtar sa chlár toghthóirí ar chúiseanna toghchánacha. Ciallaíonn sé seo gur féidir le hionadaithe poiblí, páirtithe/grúpaí polaitíochta agus iarrthóirí toghchánacha an t-eolas seo a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh leis an lucht vótála, mar shampla trí bhileoga toghcháin (margaíocht dhíreach) a sheoladh tríd an bpost go daoine aonair. Mionathraíonn an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 gnáth-chearta an duine aonair gearán a dhéanamh i leith margaíocht dhíreach nuair a tharlaíonn an mhargaíocht dhíreach le linn na ngníomhaíochtaí toghchánacha, i dtreo is nach bhfuil aon cheart dlíthiúil ann gearán a dhéanamh i leith mhargaíocht toghchánacha dhíreach tríd an bpost.

Anuas ar sin, ligeann reachtaíocht toghchánacha d'aon duine, faoi choinníollacha áirithe agus laistigh de fhráma ama áirithe, rochtain a fháil ar, an leagan marcáilte de chlár toghthóirí le haghaidh toghcháin áirithe a léiríonn cíbe ar vótáil duine aonair sa toghchán sin.



MARGAÍOCHT LEICTREONACH

Tá do chearta maidir le margaíocht dhíreach leictreonach (m.sh. téacsanna, ríomhphoist, glaonna teileafóinn ó facsanna) curtha ar bun ag ionadaithe poiblí, iarrthóirí toghchánacha nó páirtithe/grúpaí polaitíochta fós bainteach le hábhar. Ní ceart go bhfaighfeá cumarsáid dá leithéid ach amháin má thóileann tú a leithéid a fháil, D'fhéadfa eolas a fháil maidir le haitheantas an seoltóra maidir le haon chumarsáid dá leithéid agus d'fhéadfaí go dtabharfar scar-rogha simplí agus éasca duit chun diúltiú d'aon chumarsáid eile.



CANBHASÁIL

D'fhéadfaí do shonraí pearsanta a fháil uait ó chanbhasáil doras go doras má thóileann tú do shonraí pearsanta a sholáthar sa tslí seo ach níl aon oibleagáid ort é seo a dhéanamh. Caithfí ionadaithe poiblí, iarrthóirí toghchánacha, a n-ionadaithe agus aon pháirtithe/grúpaí polaitíochta atá ag bailiú eolais fút c o saint í oir iúnacha a chur in ionad chun aon sonraí pearsanta a bhailítear uait a thaifeadadh agus a chosaint go cruinn, lena n-áirítear tuairimí polaitiúla. Ba cheart go soláthródh siad eolas soiléir duit i dtaobh cad iad do chearta cosanta sonraí, agus conas a dhéanfaidh siad bainistiú ar do shonraí pearsanta, lena n-áirítear conas agus cén fáth a n-úsáidfear iad, agus conas a chaomhnófar iad.



IONADAÍOCHT PHOIBLÍ

Fórlann an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 go bhféadfadh ionadaí poiblí (tofa) do shonraí pearsanta a phróiseáil sa chás go lorgaíonn tú (nó duine eile ar do shon) a gcabhair, mar shampla maidir le rochtain chuig seirbhísí nó chuig eolas maidir le soláthar seirbhísí. Cé gur feidhm thábhachtach dhaonlathach í seo, tá sé tábhachtach chomh maith go gcosnaíonn ionadaithe poiblí sonraí pearsanta